AN ROINN OIDEACHAIS AGUS SCILEANNA | DEPARTMENT OF EDUCATION AND SKILLS

**Imilitir 0062/2013**

# AN ROINN OIDEACHAIS AGUS SCILEANNA

**An tAonad um Foirgnimh Scoileanna**

**Chuig: Boird Bhainistíochta agus Príomhoidí na Scoileanna Náisiúnta**

**Scéim Deontais do Mhionoibreacha ar Fhoirgnimh Scoileanna Náisiúnta**

## 1. SCÉIM LEASAITHE

Tá athbhreithniú déanta ag an Aire Oideachais agus Eolaíochta ar an scéim cineachta deontais do mhionoibreacha ar fhoirgnimh scoileanna náisiúnta a tháinig i bhfeidhm a chéaduair in 1997. Faoin scéim leasaithe, cuirfear maoiniú ar fáil do gach bhunscoil lánaitheanta ar an mbonn seo a leanas:

(a) **€5,500 de bhundeontas móide €18.50 in aghaidh gach dalta príomhshrutha agus €74 in aghaidh gach dalta faoi riachtanais speisialta ar na rollaí an 30ú Meán Fomhair den bhliain roimh eisiúint an deontais. (Beidh feidhm ag an ráta de €74 maidir le dalta faoi riachtanais speisialta atá ag freastal ar scoil speisialta nó ar rang speisialta atá mar chuid de scoil phríomhshrutha);**

(b) **Ní íocfar an deontas sna blianta amach anseo ach de réir mar a bheas leordhóthain maoinithe ann.**

Níor mhór go mbeadh a fhios ag scoileanna go bhféadfaí íocaíochtaí de dheontais amach anseo a choimeád siar ó scoileanna mar a bhfuil cúnamh deontais ag carnadh nó na pleananna caiteachais neamhchinnte nó mar nach bhfuil siad ag teacht le cuspóirí na scéime seo. **Níor** cheart do scoileanna cúnamh deontais a lorg ón Roinn le haghaidh oibreacha arna gclúdach ag an scéim seo.

## 2. OIBREACHA ARNA gCLÚDACH FAOIN SCÉIM

Caithfear na cistí a aistreofar chuig na scoileanna a chaitheamh ar bhonneagar fisiciúil na scoile nó ar mhíreanna troscáin agus trealaimh d'úsáid oideachasúil lena n-áirítear trealamh a bhaineann le Faisnéis na Teicneolaíochta. Ar na hoibreacha arna gclúdach tá:-

- feabhsuithe ar fhoirgnimh agus tailte scoile (*Beidh míreanna mar athsholáthar fuinneog, deisiú an dín, dromchla nua a chur ar chlós na scoile, athphéinteáil agus athmhaisiú, caighdeán an inslithe a fheabhsú agus rochtain a fheabhsú don uile dhuine incháilithe faoin teideal seo);*
- feabhsú ar nó athsholáthar serbhísí meicniúla agus leictreacha;
- troscán caighdeánach agus trealamh corpoideachais a cheannach;
- clúdach urláir agus dallóga fuinneoige a cheannach;
- trealamh a bhaineann le teicneolaíocht na faisnéise a cheannach (*Beidh míreanna mar ríomhairí, printéirí, teilgeoirí lastuas agus fótachóipóirí incháilithe faoin teideal seo).*

Ní gá do scoileanna, ceadú a lorg ón Roinn chun tabhairt faoi oibreacha nó míreanna a cheannach arna gclúdach ag an scéim.

## 3. OIBREACHA NACH gCLÚDAÍTEAR FAOIN SCÉIM

### 3.1. Seomraí Ranga Breise

Ba cheart gach togra maidir le soláthar cóiríochta breise do sheomraí ranga a sheoladh mar is iondúil chuig an Roinn le haghaidh ceadú.

### 3.2. Caiteachas neamhchaipitil

**Ní ceadmhach an deontas a úsáid do mhíreanna neamhchaipitil.** Áirítear air seo pá nó tuarastail a íoc, billí mar BSL, cuntais theileafóin agus rátaí uisce, ola a cheannach srl.

## 4. SAINCHEISTEANNA RIARACHÁIN, TAIFID AGUS INIÚCHTAÍ

Íocfar an deontas go díreach isteach i mbanc na scoile. Mar is amhlaidh le gach cabhair deontais ón státchiste, ní mór go mbeadh údaráis scoile in ann taifid mhionsonraithe a sholáthar ar an gcaoi a caitheadh an maoiniú arna chur ar fáil faoin scéim seo. Lena chois sin, ní mór do scoileanna a bheith in ann a chruthú gur caitheadh an t-airgead ar oibreacha arna gceadú faoin scéim. Mar sin caithfear gach caiteachas a bhaineann leis an scéim a fhíorú. Caithfear sonraisc agus admhálacha a choimeád i gcás go ndéanfadh an Roinn/an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste scrúdú iniúchta. Is gá go gcoimeádfadh gach scoil mionsonraí maidir le tairiscintí faighte, sonraisc, admhálacha agus taifid eile a bhaineann le gach caiteachas do thréimhse seacht bliana. Ba cheart go gcoimeádfadh scoileanna nóta maidir leis na dátaí ar deineadh agus ar críochnaíodh oibreacha. **In Aguisín A leis an Imlitir seo gheofar mionsonraí faoi nádúr na dtaifead a bheidh le coimeád.**

Caithfidh scoileanna, ar iarratas, ráiteas scríofa a sholáthar don Roinn maidir le caiteachas an deontais agus aon iarmhéideanna atá fágtha agus aon eolas ábhartha eile a d'fhéadfaí a lorg. Má dhúnann scoil go buan, caithfear aon iarmhéid atá fós sa chuntas a thabhairt ar ais don Roinn ar an dáta a dtagann deireadh leis an scoil.

**Coimeádann an Roinn an ceart íocaíochta a choimeád siar amach anseo ar son neamhghéilliúlacht d'aon cheann de théarmaí na hImlitreach.**

## 5. LIMISTÉAR DÍLSITHE

Níor cheart na cistí a úsáid ach le haghaidh oibre ar shaoráidí laistigh de limistéar dílsithe na scoile.

## 6. ÚDARÁS/FREAGRACHT

Cineachann an Scéim Deontais seo údarás do/ar Bhoird Bhainistíochta do chur i gcrích mionoibreacha. Is ar na Boird Bhainistíochta chomh maith a bheidh an fhreagracht maidir le cur i gcrích ceart na n-oibreacha.

## 7. CUR I gCRÍCH NA nOIBREACHA

Caithfidh scoileanna cur i gcrích na n-oibreacha arna gclúdach ag an scéim a eagrú de réir nósanna imeachta soláthair phoiblí, agus na billí a íoc iad féin.

Tá cóip cheana féin ag na scoileanna de lámhleabhar cothabhála na Roinne "*Cúrsaí Cothabhála*" a tiomsaíodh chun cuidiú le scoileanna maidir leis na nósanna imeachta do chur i gcrích oibreacha (Lámhleabhar ar fáil chomh maith ar láithreán gréasáin na Roinne). Ba cheart go léifeadh údaráis scoile na nósanna imeachta atá ar fáil sa lámhleabhar seo sul má údaraíonn siad aon chaiteachas faoin scéim. I gCaibidil 9 gheofar eolas ar cheaduithe reachtúla, tairiscintí, conarthaí agus imréiteach cánach. Ba cheart go mbeadh a fhios ag údaráis scoile chomh maith go gcaithfidh conraitheoirí tógála a bheith ina mbaill de Phinsean/Scéim Phá Breoiteachta Chónaidhm na dTógálaithe (CIF). **Achoimríonn Aguisín A leis an Imlitir seo mionsonraí na nósanna imeachta tairisceana ar chóir cloí leo.**

Pléann an tAcht Rialtais Áitiúil (Pleanáil & Forbairt) 1999 le cosaint na hoidhreachta ailtireachta. Tháinig sé i bhfeidhm an 1ú Eanáir 2000 agus baineann sé le struchtúir agus tailte arna liostú mar, nó faoi bhreithniú le go liostófaí iad, mar struchtúir chosanta laistigh de mhíniú an Achta. Ba cheart do Bhoird Bhainistíochta seiceáil lena n-oifig áitiúil pleanála nó sainchomhairle gairmiúil a lorg má bhíonn sé ar intinn acu oibreacha a chur i gcrích ar fhoirgnimh agus tailte scoile a thagann faoi théarmaí an Achta.

## 8. ÚSÁID AISPEISTE

Tá doiciméad treorach dar teideal "Duties and Guidance for Boards of Management on dealing with Asbestos containing materials before, during and after School refurbishment works, demolitions and building works projects" le fáil ar shuíomh gréasáin na Roinne Oideachais agus Scileanna: www.education.ie/en/Schools-colleges/Services/Building-Works/Remediation-Programmes/.

Ní mór do Bhoird Bhainistíochta cloí leis na treoirlínte seo nuair a bheidh siad ag déileáil le hábhair a bhfuil Aispeist iontu agus is ceart duit é seo a chur ar a súile don Chomhairleach agat.

Is den tábhacht ar fad é go n-aithbhreithneodh an Maoirseoir Tionscadail le haghaidh Phróiseas an Deartha agus an Comhairleach Tionscadail, ar cheapadh dóibh, Comhad Sábháilteachta na Scoile (mar chéad chéim sa phróiseas deartha) chun an scéal a fháil amach maidir le ceisteanna ar bith sláinte agus sábháilteachta, ar nós aispeist a bheith i láthair. Ní mór don Bhord Bainistíochta dearbhú scríofa a fháil go bhfuil an Maoirseoir Tionscadail le haghaidh Phróiseas an Deartha agus an Comhairleach feasach ar a bhfuil i gComhad Sábháilteachta na Scoile agus i gClár Aispeiste na Scoile. Tá an riachtanas seo ann chun cloí le Reachtaíocht Sláinte agus Sábháilteachta agus an Bord a chosaint ar ionchúiseamh féideartha coiriúil. Áit a bhfuil baol aispeiste ann sa limistéar sin den scoil a rachaidh na hoibreacha i gcion air féadfar Suirbhé Réamhathchóirithe / Scartálacha (Suirbhé Chineáil a 3 mar a bhí) a éileamh. Tá na tosca seo a leanas san áireamh anseo:

1. áit ar tógadh an foirgneamh scoile roimh 1990 agus
2. áit a bhfuil sé tugtha le fios ag Suirbhé Aispeiste na Scoile go gcuirfidh na hoibreacha faofa isteach ar ábhair a bhfuil aispeist iontu nó
3. áit gur fios, nó go bhfuiltear in amhras, go gcuirfidh na hoibreacha faofa isteach ar ábhair a bhfuil aispeist iontu

## 9. SCOILEANNA ATÁ I gCÓIRÍOCHT AR CÍOS

Sa chás go dteastaíonn oibreacha ó scoileanna atá i gcóiríocht ar cíos, níor mhór do Bhoird Bhainistíochta a chinntiú nach sáraíonn siad téarmaí an léasa.

## 10. STÁDAS IMLITIR 0141/2006

**Cuirtear an imlitir seo in ionad Imlitir 0141/2006 a aistharraingtear leis seo.**

Maria Grogan
Príomhoifigeach
An tAonad um Fhoirgnimh Scoileanna
Tulach Mhór
Co. Uíbh Fhailí

Samhradh 2013

**Ba cheart ceisteanna i dtaobh na hImlitreach seo a sheoladh chuig:**

**An tAonad um Fhoirgnimh Scoileanna**
**An Roinn Oideachais agus Eolaíochta**
**Bóthar Phort Laoise**
**Tulach Mhór**
**Co. Uíbh Fhailí**

Teileafón: 057.9324300
Faics: 057.9325409
Líon:www.education.ie

**AGUISÍN A**

## Nósanna Imeachta Tairisceana agus Coimeád na dTaifead

Caithfidh Boird Bhainistíochta sraith nósanna imeachta a shocrú a rialóidh ceannach agus na socruithe a leagan amach do thairiscintí agus ceannach earraí, íoc sonrasc gus coimeád taifead cuntasaíochta.

### Ceannach

- Is gá go bhféachfadh beartas ceannaigh le cothromaíocht a bhaint amach idir cáilíocht agus costas, toisc nach é an rud is saoire is fearr i gcónaí. Ba cheart do dhoiciméid tairisceana critéir a shonrú go soiléir, más ea, do bhronnadh an chonartha agus ní féidir imeacht uathu siúd le linn an phróisis bhonnta.

- Caithfidh Boird Bhainistíochta céimeanna réasúnta a thógáil le hiad féin a shásamh go bhfuil na soláthróirí agus conraitheoirí arna bhfostú creidiúnach agus inniúil.

- I ngach cás, má bhíonn conradh (ó bhéal nó scríofa) le bronnadh do sholáthar earraí nó seirbhísí agus gur dóigh go rachaidh íocaíochtaí faoin gconradh os cionn €10,000 (CBA san áireamh) in aon tréimhse dhá mhí dhéag, caithfidh an conraitheoir teastas imréitigh chánach nó teastas a léiríonn leibhéal sásúil géilliúlachta ag an bhfochonraitheoir a chur ar fáil. Gheofar mionsonraí breise i dtaobh conraitheoirí a cheapadh i gCaibidil 9 de "*Cúrsaí Cothabhála*".

- Ní mór gach ceannach faoin scéim a dhéanamh le cead an Bhord Bainistíochta.

- Caithfear comhad ina bhfuil fianaise de na nósanna imeachta tairisceana agus luachain a leanadh i ndáiríre a choimeád le haghaidh cigireachta má iarrtar iad.

### Nósanna Imeachta Tairisceana

- Caithfear íosmhéid de 5 mheastachán ar a laghad a fháil i scríbhinn nó tríd an ríomhphost i dtreo is go bhfaighfear íosmhéid de 3 luachan scríofa

- Caithfear an cuireadh chun tairisceana a eisiúint díreach le gnóthais a bheadh inniúil ar an gconradh a chur i gcrích nó na hearraí a sholáthar agus a bhfuil seasamh creidiúnach acu.

- Caithfear dáta a shonrú faoina gcaithfidh na tairiscintí a bheith faighte.

- Ba cheart gach tairiscint a oscailt ag an am céanna ag beirt arna ainmniú ag an mBord Bainistíochta.

- Ní mór don Bhord tuairisc a choimeád de gach nós imeachta tairisceana agus na cúiseanna leis an rogha.

**Géilliúlacht Cánach**

Is ceart do Bhoird Bhainistíochta na hathruithe a nótáil i leith na Cánach Conarthaí Iomchuí, is é sin réim chánach a bhfuil feidhm aici i leith conarthaí tógála ina n-aisbhaintear cáin ó íocaíochtaí as oibreacha tógála atá dlite don chonraitheoir ag an bpríomhchonraitheoir. Bíonn feidhm ag an gcáin seo de ghnáth i leith príomhchonraitheoirí sa ghnó a dhéanann siad le fochonraitheoirí. Tá sé tugtha le fios ag na Coimisinéirí Ioncaim le déanaí, áfach, go bhfuiltear anois chun Boird Bhainistíochta Scoileanna a mheas mar "Phríomhchonraitheoir". Ciallaíonn sé seo go mbeidh an Bord Bainistíochta freagrach as cloí le riachtanais na Cánach Conarthaí Iomchuí agus le tuairisceáin CBL nuair a bhítear ag déanamh íocaíochtaí leis an gconraitheoir. Thug na Coimisinéirí Ioncaim isteach córas éigeantach leictreonach don Cháin Conarthaí Iomchuí do na príomhchonraitheoirí uile sa chóras sin ar 1 Eanáir 2012. Mar sin ní mór gach comhdú agus fógra a dhéanamh ar líne trí Sheirbhís Ar Líne na gCoimisinéirí Ioncaim.

Tá Nóta Treorach curtha le chéile ag na Coimisinéirí Ioncaim chun cabhrú le Boird Bhainistíochta agus iad ag feidhmiú na Cánach Conarthaí Iomchuí agus CBL Aistriú Táille agus tá an nóta treorach seo le fáil ar Shuíomh Gréasáin na gCoimisinéirí Ioncaim agus is féidir rochtain air tríd an nasc seo a leanúint:
http://www.revenue.ie/en/tax/rct/guidance-boards-rct-vat.pdf

Iarrtar ar an mBord Bainistíochta freisin a chinntiú:

- Go gcloítear leis na rialacha Imréitigh Cánach*, agus

- Go dtacaíonn na socruithe a bhaineann le fruiliú daoine aonair nó gnólachtaí chun oibriú ag áitreabh na scoile nó laistigh de, nó i mbealach a bhaineann le gníomhaíochtaí scoile go díreach, fiú ar bhonn aon-uaire, go hiomlán leis an riachtanas do ghéilliúlacht thráthúil, iomlán d'oibleagáidí comhdaithe agus íocaíochta ag na daoine aonair agus ag na gnólachtaí céanna.

*Éilítear Teastas Imréitigh Cánach nó teastas a léiríonn leibhéal sásúil géilliúlachta cánach ag an bhfochonraitheoir i leith gach conartha seirbhíse poiblí dar luach €10,000 (CBL san áireamh) nó níos mó ná sin. Feic www.revenue.ie le haghaidh tuilleadh sonraí.

**Sonraisc agus Cuntais a Íoc**

- Ní mór córas oiriúnach fála agus seiceála earraí agus seirbhísí a choimeád.

- Ní mór don Bhord nósanna imeachta a bhunú le haghaidh íoc billí.

- Ba cheart sonraisc a stampáil go soiléir le "ÍOCTHA" nuair a bhíonn siad íoctha agus ag an tráth sin amháin. Mar eolas do scoileanna bheadh stampaí féindúchtha/réamhdhúchtha/ruibéar le ceap dúigh oiriúnach chuige seo.

- Ba cheart billí a íoc chomh luath is a fhaightear iad.

- Níor cheart íocaíochtaí a dhéanamh ach sa chás go bhfaightear sonrasc bunaidh – ní ar bhonn ráitis nó sonraisc fhótachóipeálta.

**Na taifid a bheidh le coimeád le haghaidh cigireachta**

- Doiciméid tairisceana (rathúil agus neamhrathúil)
- Doiciméadú an luachain (cibé an bhfuarthas i scríbhinn nó ar an nguthán iad).
- Fianaise i dtaobh measúnacht/faomhadh/glacadh tairiscintí.
- Fianaise gur chomhlíon conraitheoirí/cuideachtaí Nósanna Imeachta Imréitigh Chánach (nuair ba iomchuí).
- Fianaise gur chomhlíon conraitheoirí tógála riachtanais Scéim Phá Bhreoiteachta Thionscal na Tógála (nuair ba iomchuí).
- Foirmeacha orduithe (más oiriúnach).
- Duillíní seachadta.
- Sonraisc.
- Sála seicleabhar.
- Ráitis bhainc.
- I dteannta na míreanna thuas, ba cheart don Bhord a chinntiú go bhfuil cineál éigin cuntas ann, bíodh sé ar ríomhaire nó i bhformáid láimhe, ina gcomhardaítear caitheamh an deontais ar bhonn rialta chun cuntas a thógáil den deontais a fuarthas, na seiceanna a briseadh agus na seiceanna atá fós gan íoc.